# CINNTÍ

## CINNEADH (CBES) 2021/1277 ÓN gCOMHAIRLE

**an 30 Iúil 2021**

**a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Liobáin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 7 Nollaig 2020, ghlac an Chomhairle conclúidí inar thug sí dá haire, agus ba chúis mhór imní di, go raibh an ghéarchéim airgeadais, eacnamaíoch, shóisialta agus pholaitiúil a bhfuil greim anois aici ar an Liobáin tar éis dul in olcas le roinnt míonna anuas agus gurb é pobal na Liobáine an dream ba mheasa a bhí buailte ag na deacrachtaí atá ag dul in olcas sa tír.

(2) Chuir an Chomhairle i dtreis a phráinní atá sé d'údaráis na Liobáine athchóirithe a chur chun feidhme chun muinín an chomhphobail idirnáisiúnta a athbhunú. Dúirt an Chomhairle go bhfuil an tAontas réidh tacú leis na hathchóirithe ach nach mór an próiseas athchóirithe a bheith faoi úinéireacht na Liobáine. D'iarr an Chomhairle ar údaráis na Liobáine na gealltanais a bhí tugtha acu roimhe sin a chur chun feidhme, lena n-áirítear iad siúd a tugadh i gcomhthéacs chomhdháil CEDRE i mí Aibreáin 2018, agus dá bhfuil tacaíocht á fáil acu ón nGrúpa Idirnáisiúnta Tacaíochta don Liobáin (lena dtugtar le chéile na Náisiúin Aontaithe agus rialtais na Síne, na Gearmáine, na hIodáile, Chónaidhm na Rúise, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe, mar aon leis an Aontas Eorpach agus Léig na Stát Arabach) agus comhaltaí eile den chomhphobal idirnáisiúnta (lena n-áirítear an Banc Domhanda agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta). D'iarr an Chomhairle ar údaráis na Liobáine freisin athchóirithe a chur i gcrích go práinneach, lena gcuirfear leis na comhaontuithe ar ar tháinig ceannairí polaitiúla uile na Liobáine tar éis an phléasctha an 4 Lúnasa 2020, chun na difríochtaí polaitiúla a shárú chun tacú le hathchóirithe. Is éard a bheidh sna hathchóirithe sin athchóirithe eacnamaíocha agus rialachais go háirithe atá fóinteach agus domhain ar mhaithe le cobhsaíocht eacnamaíoch a athbhunú, soláthar seirbhísí poiblí a fheabhsú, aghaidh a thabhairt ar na leibhéil bochtaineachta atá ag dul in airde, neamhionannais a laghdú, airgeadas poiblí inbhuanaithe a chothú, inchreidteacht na hearnála airgeadais a athshlánú, neamhspleáchas na mbreithiúna a ráthú, urraim do chearta an duine agus don smacht reachta a áirithiú, éilliú a chomhrac agus na mianta dlisteanacha a chuir muintir na Liobáine in iúl go síochánta a chomhlíonadh. Chuir an Chomhairle in iúl freisin gur thacaigh sí leis an gCreat Athchóirithe, Téarnaimh agus Atógála (3RF) chun 'An Liobáin a chur ar a dea-bhonnaibh arís' faoi threoir phrionsabail na trédhearcachta, na cuimsitheachta agus na cuntasachta.

(3) Déanann Rialtas na Liobáine 3RF, a sheol an tAontas, na Náisiúin Aontaithe agus an Banc Domhanda i mí na Nollag 2020, a chomhbhainistiú. Ina theannta sin, d'fhormheas Comhairle Airí na Liobáine an Plean don Téarnamh Airgeadais i mí Aibreáin 2020 agus chuir an comhphobal idirnáisiúnta fáilte roimhe. De bhreis air sin, i Ráiteas Comhpháirteach an 23 Meán Fómhair 2020, d'fhógair an Grúpa Idirnáisiúnta Tacaíochta go mba dhíol sásaimh dó an comhaontú ar tháinig ceannairí polaitiúla uile na Liobáine air maidir le treochlár cuimsitheach athchóirithe a mbeidh clár ama cur chun feidhme aige i gcomhréir leis na gealltanais a thug siad roimhe sin, lena n-áirítear iad siúd a tugadh i gcomhthéacs chomhdháil CEDRE in 2018, agus a bhfuil tacaíocht á fáil acu ón nGrúpa Idirnáisiúnta Tacaíochta agus comhaltaí eile den chomhphobal idirnáisiúnta.

(4) Sna conclúidí uaithi an 7 Nollaig 2020, lean an Chomhairle de bheith ag tathant ar an rialtas idirthréimhsiúil atá ann ó mhí Lúnasa 2020 gníomhú go mear agus go cinntitheach laistigh dá theorainneacha bunreachtúla, ach thug sí dá haire nach bhféadfaí clár a dtacaíonn Parlaimint na Liobáine leis go hiomlán agus a chuimsíonn gealltanais bheachta, inchreidte agus atá faoi cheangal ama lena dtugtar aghaidh ar dheacrachtaí na Liobáine a chur chun feidhme ina iomláine gan rialtas feidhmiúil. Dá bhrí sin, d'iarr sí ar gheallsealbhóirí uile na Liobáine agus ar na fórsaí polaitiúla uile tacaíocht a thabhairt chun rialtas a bhunú sa Liobáin go práinneach, ar rialtas é a bheidh dírithe ar mhisin, a bheidh inchreidte agus cuntasach, agus a bheidh in ann na hathchóirithe is gá a chur chun feidhme.

(5) Tá mór-imní curtha in iúl ag an gComhairle, arís agus arís eile, ón 7 Nollaig 2020 i leith, faoin tslí a bhfuil an staid sa Liobáin ag dul in olcas i gcónaí. D'ainneoin gur iarr an tAontas agus gníomhaithe idirnáisiúnta ábhartha eile arís is arís eile ar fhórsaí polaitiúla agus ar gheallsealbhóirí na Liobáine gníomhú ar mhaithe leis an leas náisiúnta agus gan a thuilleadh moille a chur le bunú rialtais lánchumhachtaithe a bheadh in ann freastal ar riachtanais phráinneacha na tíre agus athchóirithe criticiúla a chur chun feidhme, níl aon dul chun cinn déanta maidir le bunú an rialtais sin. Tá breis is 11 mhí ann ó d'éirigh an rialtas deireanach as i mí Lúnasa 2020 agus tá 9 mí ann ó d'ainmnigh Parlaimint na Liobáine Príomh-Aire ainmnithe nua i mí Dheireadh Fómhair 2020 a tharraing siar i mí Iúil 2021.

(6) Idir an dá linn, tá an staid eacnamaíoch, shóisialta agus dhaonnúil sa Liobáin ag dul in olcas agus muintir na tíre ag fulaingt dá réir. Thuairiscigh an Banc Domhanda ina Fhaireachán Eacnamaíoch sa Liobáin i mí an Mheithimh 2021 go bhfuil spealadh eacnamaíoch dian, fadtréimhseach ann sa Liobáin, ar dócha go mbeidh sé ar cheann de na heachtraí géarchéime is measa ar fud an domhain ó lár an naoú haois déag i leith. Bhí an Banc Domhanda den tuairim gur 'spealadh d'aon ghnó' é seo nár leor na freagairtí beartais a tugadh dó de bharr easpa comhdhearcadh polaitiúil maidir le tionscnaimh bheartais éifeachtacha. Thuairiscigh an Banc Domhanda gur dócha go bhfuil breis is leath den daonra faoi bhun thairseach náisiúnta na bochtaineachta, go bhfuil an ráta dífhostaíochta ag dul in airde agus go bhfuil méadú ag teacht ar líon na dteaghlach a bhfuil deacrachtaí acu rochtain a fháil ar sheirbhísí bunúsacha, lena n-áirítear cúram sláinte. Chuir an Banc Domhanda in iúl go mbeadh impleachtaí fadtéarmacha ag baint leis an meath géar ar sheirbhísí bunúsacha: ollimirce, caillteanas foghlama, drochthorthaí sláinte agus easpa líonta sábhála leordhóthanacha, i measc nithe eile. Mheas an Banc Domhanda go mbeadh sé an-deacair an damáiste buan don chaipiteal daonna a athshlánú agus mar thoradh air sin, gurbh fhéidir go mbeadh géarchéim na Liobáine uathúil i gcomparáid le géarchéimeanna domhanda eile. Anuas air sin, tugann an Banc Domhanda dá aire go bhfuil an baol ann, de dheasca na ndálaí socheacnamaíocha atá ag éirí níos déine, go mbeidh clistí sistéamacha náisiúnta ann, agus é níos dóchúla go spreagfaí corraíl shóisialta agus gan aon fheabhas ar na bacáin.

(7) Tá pobal na Liobáine ag íoc go daor as neamhghníomhaíocht cheannairí polaitiúla na Liobáine. Is mór an bhagairt ar chobhsaíocht agus ar shlándáil na Liobáine an ghéarchéim eacnamaíoch, shóisialta, dhaonnúil agus pholaitiúil atá ann faoi láthair, agus d'fhéadfadh iarmhairtí a bheith ann do chobhsaíocht agus do shlándáil an réigiúin ar fad.

(8) Tá an tAontas réidh leas a bhaint as na hionstraimí beartais uile atá aige chun rannchuidiú le teacht inbhuanaithe as an ngéarchéim atá ann faoi láthair agus chun freagairt d'aon mheath breise ar an daonlathas nó ar an smacht reachta, nó ar an staid eacnamaíoch, shóisialta agus dhaonnúil sa Liobáin. I bhfianaise thromchúis na staide, ba cheart creat a ghlacadh le haghaidh bearta sriantacha spriocdhírithe in aghaidh daoine nádúrtha atá freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas nó den smacht reachta sa Liobáin agus daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil baint acu leo.

(9) Le bearta sriantacha spriocdhírithe den sórt seo, saothrófar cuspóirí an chomhbheartais eachtraigh agus slándála mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) iad, agus rannchuideofar le gníomhaíocht an Aontais chun an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus prionsabail an dlí idirnáisiúnta a chomhdhlúthú agus chun tacú leo i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 21(2) CAE. Ní mór iad a chur i bhfeidhm ar bhealach atá comhsheasmhach le hAirteagal 3(5) CAE, go háirithe trí rannchuidiú leis an tsíocháin agus leis an tslándáil, leis an dlúthpháirtíocht agus leis an meas frithpháirteach idir na pobail, agus le cearta an duine a chosaint, chomh maith leis an dlí idirnáisiúnta a dhian-urramú agus a fhorbairt, lena n-áirítear prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe a urramú.

(10) Ina mbagairt don daonlathas agus don smacht reachta, tá daoine a chuireann bac ar an bpróiseas polaitiúil daonlathach nó a bhaineann an bonn de sin trí leanúint de bhac a chur ar bhunú rialtais nó trí bhac a chur ar thoghcháin a reáchtáil nó a bhaineann an bonn go mór de sin, lena n-áirítear go háirithe an t-olltoghchán atá ar na bioráin sa Liobáin, atá beartaithe do Bhealtaine 2022. Déanann na daoine sin a leasanna dílsithe a chur chun cinn, pé acu a leasanna pearsanta nó leasanna áirithe a gcomhphobail nó a ngrúpaí polaitiúla, chun aimhleas leas phobal na Liobáine, go háirithe trí fhéachaint le mí-úsáid a bhaint as na rialacha lena rialaítear comhlachas na bhfórsaí polaitiúla chun rialtas a bhunú, d'fhonn bunú rialtais nua a bhac agus an *status quo* a choimeád ar bun. D'fhéadfaí a áireamh ar na gníomhartha sin a chuireann an daonlathas agus an smacht reachta i mbaol aon ghníomh a chuireann bac ar na toghcháin nó a bhaineann an bonn díobh.

(11) Ina mbagairt don daonlathas agus don smacht reachta freisin, tá daoine a chuireann bac ar chur chun feidhme pleananna a dtacaíonn gníomhaithe idirnáisiúnta ábhartha leo chun feabhas a chur ar chuntasacht agus ar dhea-rialachas san earnáil phoiblí nó a chuireann bac ar athchóirithe criticiúla eacnamaíocha a chur chun feidhme, lena

n-áirítear in earnáil na baincéireachta agus in earnáil an airgeadais. Is iad sin go háirithe na hathchóirithe ar thug údaráis na Liobáine gealltanas ina dtaobh agus a bhfuil tacaíocht an Aontais agus gníomhaithe idirnáisiúnta ábhartha eile acu. Teipeadh arís agus arís eile na hathchóirithe sin a chur chun feidhme agus bearta inchreidte leordhóthanacha a ghlacadh chun an t-éilliú a chomhrac agus an imghabháil cánach a chomhrac, chun dlí maidir le rialú caipitil a ghlacadh, agus chun bearta eile a ghlacadh chun an trédhearcacht agus cuntasacht iomlán do mhuintir na Liobáine a rathú.

(12) Ina mbagairt don daonlathas agus don smacht reachta freisin, tá daoine a bhíonn ag gabháil do mhí-iompar tromchúiseach airgeadais, lena n-áirítear an t-éilliú agus onnmhairiú neamhúdaraithe caipitil. Is saincheist shistéamach é an mí-iompar airgeadais laistigh den chóras polaitiúil agus institiúideach agus is é is bunchúis leis an ngéarchéim eacnamaíoch, shóisialta, dhaonnúil agus pholaitiúil reatha. Tá freagracht mhór ar na gníomhaithe sin atá páirteach sa mhí-iompar airgeadais, nó a bhaineann tairbhe phearsanta as, as staid uafásach shocheacnamaíoch agus dhaonnúil reatha mhuintir na Liobáine.

(13) Meabhraítear don Chomhairle gur páirtí í an Liobáin i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe an 31 Deireadh Fómhair 2003 agus go bhfuil gealltanais tugtha ag údaráis na Liobáine freisin sa chomhrac i gcoinne an éillithe go háirithe i gcomhdháil CEDRE in 2018, sa Phlean don Téarnamh Airgeadais i mí Aibreáin 2020 agus sa treochlár cuimsitheach athchóirithe i mí Mheán Fómhair 2020.

(14) Tá gá le breis gníomhaíochta ón Aontas chun bearta áirithe a chur chun feidhme,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun teacht isteach ina gcríocha, nó idirthuras trína gcríocha, a chosc i leith na ndaoine seo a leanas:

(a) daoine nádúrtha atá freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas nó den smacht reachta sa Liobáin, trí cheann ar bith de na gníomhaíochtaí a leanas:

(i) bac a chur ar an bpróiseas daonlathach polaitiúil nó an bonn a bhaint den phróiseas sin trí bhac leanúnach a chur ar bhunú rialtais nó trí bhac a chur ar thoghcháin a reáchtáil nó tríd an mbonn a bhaint go mór de thoghcháin a reáchtáil;

(ii) bac a chur ar, nó an bonn a bhaint de, chur chun feidhme pleananna arna bhformheas ag údaráis na Liobáine lena dtacaíonn gníomhaithe idirnáisiúnta ábhartha, lena n-áirítear an tAontas, chun feabhas a chur ar chuntasacht agus ar dhea-rialachas san earnáil phoiblí nó chun athchóirithe criticiúla eacnamaíocha a chur chun feidhme, lena n-áirítear in earnáil na baincéireachta agus in earnáil an airgeadais agus lena n-áirítear reachtaíocht thrédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach a ghlacadh maidir le honnmhairiú caipitil;

(iii) mí-iompar tromchúiseach airgeadais a bhaineann le cistí poiblí, a mhéid a chumhdaítear na gníomhartha lena mbaineann le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe agus onnmhairiú neamhúdaraithe caipitil;

(b) daoine nádúrtha a bhfuil baint acu le daoine a ainmnítear faoi phointe (a);

mar a liostaítear san Iarscríbhinn.

Na pleananna athchóirithe a cuireadh i láthair ag comhdháil CEDRE 2018, Plean don Téarnamh Airgeadais i mí Aibreáin 2020, treochlár cuimsitheach athchóirithe i mí Mheán Fómhair 2020 agus Creat Athchóirithe, Téarnaimh agus Atógála na Liobáine (3RF) i mí na Nollaig 2020, sin iad na pleananna dá dtagraítear i bpointe (ii) de phointe (a).

2. Ní chuirfear de cheangal le mír 1 ar aon Bhallstát teacht isteach chuig a chríoch féin a dhiúltú dá náisiúnaigh féin.

3. I gcás ina mbeidh Ballstát faoi cheangal ag oibleagáid faoin dlí idirnáisiúnta, beidh mír 1 gan dochar don chás sin, eadhon:

(a) mar thír óstach ar eagraíocht idir-rialtasach idirnáisiúnta;

(b) mar thír óstach ar chomhdháil idirnáisiúnta a bheidh á tionól ag na Náisiúin Aontaithe nó atá faoina gcoimirce;

(c) faoi chomhaontú iltaobhach lena dtugtar pribhléidí agus díolúintí; nó

(d) de bhun Chonradh Idir-réitigh 1929 (Comhaontú na Lataráine) a tugadh i gcrích idir an Suí Naofa (Stát Chathair na Vatacáine) agus an Iodáil.

4. Beidh feidhm ag mír 3 freisin i gcásanna ina bhfuil an Ballstát ina thír óstach de chuid na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE).

5. Cuirfear an Chomhairle ar an eolas go cuí faoi gach cás ina dtugann an Ballstát díolúine de bhun mhíreanna 3 nó 4.

6. Féadfaidh na Ballstáit díolúintí ó na bearta a forchuireadh a dheonú faoi mhír 1 i gcás ina mbíonn údar leis ar fhorais an riachtanais dhaonnachtúil phráinnigh, nó ar fhorais go bhfuiltear ag freastal ar chruinnithe idir-rialtasacha nó ar chruinnithe atá á gcur chun cinn ag an Aontas nó á n-óstáil aige, nó atá á n-óstáil ag Ballstát a bhfuil Cathaoirleacht aige ar oifig ESCE, i gcás ina reáchtáiltear idirphlé polaitiúil a chuireann cuspóirí beartais na mbeart sriantach chun cinn go díreach, lena n-áirítear an daonlathas agus an smacht reatha a chur chun cinn sa Liobáin.

7. Féadfaidh na Ballstáit díolúintí ó na bearta a forchuireadh a dheonú faoi mhír 1 más amhlaidh go bhfuil gá le teacht isteach nó le hidirthuras chun próiseas breithiúnach a chomhlíonadh.

8. Tabharfaidh aon Bhallstát ar mian leis díolúintí a dheonú dá dtagraítear i míreanna 6 nó 7 fógra don Chomhairle i scríbhinn ina leith. Measfar an díolúine sin a bheith deonaithe mura ndéanfaidh Ballstát amháin nó níos mó agóid i scríbhinn laistigh de 2 lá oibre tar éis fógra a fháil faoin díolúine atá beartaithe. Má dhéanann Ballstát amháin nó níos mó agóid, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, a chinneadh an díolúine atá beartaithe a dheonú.

9. I gcás, de bhun mhíreanna 3, 4, 6 nó 7, ina n-údaraíonn Ballstát teacht isteach ina gcríocha, nó idirthuras trína gcríocha do dhaoine a liostaítear san Iarscríbhinn, beidh an t-údarú teoranta go docht don chuspóir ar chuige a thugtar é agus do na daoine lena mbaineann sin go díreach.

*Airteagal 2*

1. Cistí agus acmhainní eacnamaíocha ar leis, ar i seilbh nó ar faoi rialú iad seo a leanas iad:

(a) daoine nádúrtha atá freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas nó den smacht reachta sa Liobáin, trí cheann ar bith de na gníomhaíochtaí a leanas:

(i) bac a chur ar an bpróiseas daonlathach polaitiúil nó an bonn a bhaint den phróiseas sin trí bhac leanúnach a chur ar bhunú rialtais nó trí bhac a chur ar thoghcháin a reáchtáil nó tríd an mbonn a bhaint go mór de thoghcháin a reáchtáil;

(ii) bac a chur ar, nó an bonn a bhaint de, chur chun feidhme pleananna arna bhformheas ag údaráis na Liobáine lena dtacaíonn gníomhaithe idirnáisiúnta ábhartha, lena n-áirítear an tAontas, chun feabhas a chur ar chuntasacht agus ar dhea-rialachas san earnáil phoiblí nó chun athchóirithe criticiúla eacnamaíocha a chur chun feidhme, lena n-áirítear in earnáil na baincéireachta agus in earnáil an airgeadais agus lena n-áirítear reachtaíocht thrédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach a ghlacadh maidir le honnmhairiú caipitil;

(iii) mí-iompar tromchúiseach airgeadais a bhaineann le cistí poiblí, a mhéid a chumhdaítear na gníomhartha lena mbaineann le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe agus onnmhairiú neamhúdaraithe caipitil;

(b) daoine nádúrtha nó dlítheanacha, a bhfuil baint acu le daoine a ainmnítear faoi phointe (a);

mar a liostaítear san Iarscríbhinn, déanfar iad a reo.

Na pleananna athchóirithe a cuireadh i láthair ag comhdháil CEDRE 2018, Plean don Téarnamh Airgeadais i mí Aibreáin 2020, treochlár cuimsitheach athchóirithe i mí Mheán Fómhair 2020 agus Creat Athchóirithe, Téarnaimh agus Atógála na Liobáine (3RF) i mí na Nollaig 2020, sin iad na pleananna dá dtagraítear i bpointe (ii) de phointe (a).

2. Ní chuirfear aon chistí ná acmhainní eacnamaíocha ar fáil, go díreach nó go hindíreach, do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, d'eintitis, ná do chomhlachtaí a liostaítear san Iarscríbhinn, ná ní chuirfear ar fáil iad do thairbhe iad sin.

3. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát údarú a thabhairt cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe a scaoileadh, nó cistí áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil, faoi choinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur mar a leanas atá na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha lena mbaineann:

(a) go bhfuil gá leo chun bunriachtanais na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí a liostaítear san Iarscríbhinn a chomhlíonadh, agus baill teaghlaigh chleithiúnacha na ndaoine nádúrtha sin, lena n-áirítear íocaíochtaí as earraí bia, cíos nó morgáiste, cógais agus cóir leighis, cánacha, préimheanna árachais, agus muirir fóntais phoiblí;

(b) go bhfuil siad ceaptha chun táillí gairmiúla réasúnta a íoc agus costais arna dtabhú a aisíoc, ar costais iad a bhaineann le soláthar seirbhísí dlí, agus chuige sin amháin;

(c) go bhfuil siad ceaptha chun táillí nó muirir sheirbhíse a íoc as cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite a choinneáil nó a chothabháil ar bhonn rialta, agus chuige sin amháin;

(d) gur den riachtanas iad i gcás costais urghnácha, ar choinníoll go bhfuil fógra tugtha ag an údarás inniúil d'údaráis inniúla na mBallstát eile agus don Choimisiún maidir leis an bhforas ar a measann sé gur cheart údarú sonrach a dheonú, 2 sheachtain, ar a laghad, roimh an údarú; nó

(e) go bhfuil siad le híoc isteach i gcuntas misin taidhleoireachta nó chonsalaigh nó eagraíochta idirnáisiúnta nó ón gcuntas sin a bhfuil díolúintí aige i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, a mhéid atá sé ceaptha na híocaíochtaí sin a úsáid chun críocha oifigiúla an mhisin taidhleoireachta nó chonsalaigh nó na heagraíochta idirnáisiúnta.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin mír seo laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

4. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát údarú a thabhairt cistí reoite nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a scaoileadh, nó cistí áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil, má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) go bhfuil na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha faoi réir cinneadh eadrána a tugadh roimh an dáta a rinneadh an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-eintiteas nó an comhlacht dá dtagraítear i mír 1 a liostú san Iarscríbhinn, nó go bhfuil sé faoi réir cinneadh dlí nó riaracháin a tugadh san Aontas, nó cinneadh breithiúnach atá in-fhorfheidhmithe sa Bhallstát lena mbaineann, roimh an dáta sin nó ina dhiaidh;

(b) ní bhainfear leas as na cistí ná na hacmhainní eacnamaíocha ach amháin chun éilimh a ráthaítear le cinneadh den sórt sin a chomhlíonadh nó chun éilimh a aithnítear mar éilimh bhailí sa chinneadh sin a chomhlíonadh, laistigh de na teorainneacha a leagtar síos le dlíthe agus rialacháin is infheidhme lena rialaítear cearta daoine a bhfuil na héilimh sin acu;

(c) ní chun leas duine nádúrtha ná dlítheanach, eintitis ná comhlachta a liostaítear san Iarscríbhinn é an cinneadh; agus

(d) níl sé in aghaidh an bheartais phoiblí sa Bhallstát lena mbaineann an cinneadh a aithint.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin mír seo laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

5. Ní chuirfear de chosc le mír 1 ar dhuine nádúrtha nó dlítheanach, ar eintiteas nó ar chomhlacht atá liostaithe san Iarscríbhinn, íocaíocht a dhéanamh atá dlite faoi chonradh nó faoi chomhaontú a rinneadh, nó faoi oibleagáid a tháinig chun cinn, roimh an dáta a liostaíodh an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-eintiteas nó an comhlacht sin san Iarscríbhinn sin, ar choinníoll gur chinn an Ballstát lena mbaineann nach bhfaighidh duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i mír 1 an íocaíocht, go díreach nó go hindíreach.

6. Ní bheidh feidhm ag mír 2 maidir le breiseanna mar a leanas arna gcur le cuntais reoite:

(a) ús nó tuillimh eile ar na cuntais sin;

(b) íocaíochtaí atá dlite faoi chonarthaí, comhaontuithe nó oibleagáidí a tugadh i gcrích nó a tháinig chun cinn roimh an dáta ar tháinig na cuntais sin le bheith faoi réir na mbearta dá bhforáiltear i míreanna 1 agus 2; nó

(c) íocaíochtaí atá dlite faoi chinntí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána a tugadh san Aontas nó atá in-fhorfheidhmithe sa Bhallstát lena mbaineann;

ar choinníoll gur faoi réir na mbeart dá bhforáiltear i mír 1 fós atá aon ús den sórt sin, agus tuillimh agus íocaíochtaí eile.

*Airteagal 3*

1. De mhaolú ar Airteagal 2(1) agus (2), féadfaidh na húdaráis inniúla sna Ballstáit údarú a thabhairt cistí reoite nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a scaoileadh, nó cistí áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil, faoi choinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur gá na cistí nó acmhainní eacnamaíocha sin a sholáthar chun críoch dhaonnúil, amhail seachadadh an chúnaimh a chur ar fáil nó a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia, nó aistriú na n-oibrithe daonnúla agus cúnamh gaolmhar nó le haghaidh aslonnuithe as an Liobáin.

2. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údaruithe arna ndeonú faoin Airteagal seo laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

*Airteagal 4*

1. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ó Bhallstát nó ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (an 'tArdionadaí'), an liosta san Iarscríbhinn a bhunú agus a leasú.

2. Déanfaidh an Chomhairle an cinneadh dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear na forais leis an liostú, a chur in iúl go díreach don duine nádúrtha nó dlítheanach, don eintiteas nó don chomhlacht lena mbaineann más eol an seoladh, nó trí fhógra a fhoilsiú, trína dtabharfar deis don duine nádúrtha nó dlítheanach, don eintiteas nó don chomhlacht sin barúlacha a thíolacadh.

3. I gcás ina dtíolacfar barúlacha, nó i gcás ina dtíolacfar fianaise shubstaintiúil nua, athbhreithneoidh an Chomhairle na cinntí dá dtagraítear i mír 1 agus cuirfidh sí an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-eintiteas nó an comhlacht lena mbaineann ar an eolas dá réir sin.

*Airteagal 5*

1. Áireofar san Iarscríbhinn na forais chun na daoine nádúrtha agus dlítheanacha, na heintitis agus na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2 a liostú.

2. I gcás ina mbeidh fáil ar a leithéid, cuirfear san Iarscríbhinn sin pé faisnéis is gá chun daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí lena mbaineann a shainaithint. Maidir le daoine nádúrtha, féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh san fhaisnéis sin: ainmneacha agus ailiasanna; dáta breithe agus áit bhreithe; náisiúntacht; uimhreacha pas agus cárta aitheantais; inscne; seoladh, más eol; agus feidhm nó gairm. Maidir le daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí, féadfaidh an méid a leanas a bheith ar áireamh san fhaisnéis sin: ainmneacha; áit agus dáta clárúcháin; uimhir chlárúcháin; agus áit ghnó.

*Airteagal 6*

1. Próiseálfaidh an Chomhairle agus an tArdionadaí sonraí pearsanta chun a gcúraimí faoin gCinneadh seo a chur i gcrích, go háirithe:

(a) maidir leis an gComhairle, chun leasuithe ar an Iarscríbhinn a ullmhú agus a dhéanamh;

(b) maidir leis an Ardionadaí, chun leasuithe ar an Iarscríbhinn a ullmhú.

2. Maidir le sonraí ábhartha a bhaineann le cionta coiriúla arna ndéanamh ag daoine nádúrtha liostaithe agus le ciontuithe coiriúla nó bearta slándála a bhaineann leis na daoine sin, ní fhéadfaidh an Chomhairle ná an tArdionadaí iad a phróiseáil, i gcás inarb infheidhme, ach amháin a mhéid is gá an phróiseáil sin chun an Iarscríbhinn a ullmhú.

3. Chun críocha an Chinnidh seo, ainmnítear an Chomhairle agus an tArdionadaí mar 'rialaitheoir' de réir bhrí phointe (8) d'Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), chun a áirithiú gur féidir leis na daoine nádúrtha lena mbaineann a gcearta a fheidhmiú faoi Rialachán (AE) 2018/1725.

*Airteagal 7*

Ní shásófar aon éileamh i ndáil le haon chonradh ná idirbheart a ndearnadh difear dá bhfeidhmiú, go díreach nó go hindíreach, go hiomlán nó go páirteach, leis na bearta a fhorchuirtear faoin gCinneadh seo, lena n-áirítear éilimh ar shlánaíocht ná aon éileamh eile den sórt sin, amhail éileamh ar chúiteamh nó éileamh faoi réir ráthaíochta, go háirithe éileamh ar shíneadh a chur le banna, ar ráthaíocht nó ar shlánaíocht nó iad a íoc, go háirithe ráthaíocht airgeadais nó slánaíocht airgeadais, i cibé foirm, más rud é gur ceann de na páirtithe seo a leanas a dhéanann an t-éileamh:

(a) daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí arna n-ainmniú, a liostaítear san Iarscríbhinn;

(b) aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú trí bhíthin nó thar ceann duine de na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, nó ceann amháin de na heintitis nó na comhlachtaí dá dtagraítear i bpointe (a).

*Airteagal 8*

D'fhonn tionchar na mbeart a leagtar amach sa Chinneadh seo a uasmhéadú, spreagfaidh an tAontas tríú Stáit chun bearta sriantacha a ghlacadh cosúil leis na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo.

*Airteagal 9*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí 31 Iúil 2022 agus coinneofar faoi shíor-athbhreithniú é. Déanfar é a athnuachan, nó a leasú de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nár comhlíonadh a chuspóirí.

Agus athbhreithniú á dhéanamh aici ar bhearta sriantacha arna ndéanamh de bhun Airteagail 1(1)(a)(iii) agus 2(1)(a)(iii), cuirfidh an Chomhairle san áireamh, de réir mar is iomchuí, an bhfuil na daoine i dtrácht faoi réir imeachtaí breithiúnacha nó nach bhfuil i ndáil leis an iompar ar ina leith a liostaíodh iad.

*Airteagal 10*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30 Iúil 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
G. DOVŽAN

([1]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

*IARSCRÍBHINN*

**Liosta de na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, na heintitis agus na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2**

[…]